



## PRIONSABAIL GHINEARÁLTA BHEARTAS TIONSCLAÍOCH AE

Is é an cuspóir atá ag beartas tionsclaíoch AE ná tionscal na hEorpa a dhéanamh níos iomaíche ionas gur féidir leis fanacht i dtús cadhnaíochta ag spreagadh fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus fostaíochta san Eoraip. Glacadh le straitéisí éagsúla d'fhonn dálaí creata níos fearr a áirithiú do thionscal AE. Tá cur síos ar an gceann is déanaí sa teachtaireacht 'I gcomhair Athbheochan Thionsclaíoch san Eoraip', ó Eanáir 2014.

### AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 173 CFAE.

### CUSPÓIRÍ

Is dual do bheartas tionsclaíochta a bheith cothrománach agus tá sé mar aidhm aige dálaí creata atá fabhrach don iomaíochas tionsclaíoch a dhaingniú. Tá sé comhtháite go domhain freisin i líon de bheartais AE eile amhail iad siúd a bhaineann le trádáil, an margadh inmheánach, taighde agus nuálaíocht, fostaíocht, cosaint an chomhshaoil agus sláinte phoiblí. Tá beartas tionsclaíoch an Aontais Eorpaigh dírithe go sonrath ar na nithe seo a leanas: (1) 'oiriúnú an tionscail d'athruithe struchtúracha a bhrostú'; (2) 'timpeallacht a chothú atá fabhrach don tionscnamh agus d'fhorbairt ghnóthais ar fud an Aontais, go háirithe gnóthais bheaga agus mheánmhéide'; (3) 'timpeallacht a chothú atá fabhrach do chomhar idir gnóthais'; agus (4) 'taobhú le hacmhainneacht thionsclaíoch beartas nuála, taighde agus forbartha teicneolaíche a shaothrú níos fearr' (Airteagal 173 CFAE).

### A BHFUIL BAINTE AMACH

#### A. Réamhrá

Tá sé mar chuspóir ag ionstraimí bheartas tionsclaíoch AE, arb iad na hionstraimí céanna don bheartas fiontraíochta iad freisin, na dálaí ginearálta a chruthú inar féidir le fiontraithe agus le gnólachtaí dul sa bhfiontar agus a smaointe agus deiseanna a shaothrú. Mar sin féin, ba cheart don bheartas tionsclaíochta riachtanais shonracha agus saintréithe sonracha na n-earnálacha ar leithligh a chur san áireamh. Déanann na Tuarascálacha bliantúla maidir le hlomaíochas Eorpach anailís ar láidreachtaí agus ar laigí gheilleagar AE i gcoitinne agus ar thionscal AE go háirithe, agus tig leis a chur le tionscnaimh bheartais trasearnála nó earnála.



## B. I dtreo beartas comhtháite tionsclaíoch

Cé gur dhírigh institiúidí an Aontais sna 1980idí agus na 1990idí go príomha ar mhargadh aonair a chruthú, nuair a bunaíodh an tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus nuair a méadaíodh AE, cuireadh an bhéim ar bheartas tionsclaíoch. In Iúil 2005, den chéad uair, leag teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal ‘Clár Comhphobail Liospóin a chur chun feidhme: Creat beartais chun monaraíocht AE a neartú — i dtreo cur chuige níos comhtháite maidir le beartas tionsclaíoch’ ([COM\(2005\) 0474](#)) amach cur chuige comhtháite maidir le beartas tionsclaíoch bunaithe ar chlár oibre nithiúil de thionscnaimh trasearnála agus earnála.

Bhí sé mar aidhm le teachtaireacht 2008 ón gCoimisiún dar teideal ‘an Plean Gníomhaíochta um Thomhaltas agus um Tháirgeadh Inbhuanaithe agus um Beartas Tionsclaíoch Inbhuanaithe’ ([COM\(2008\) 0397](#)) pacáiste comhtháite de bhearta a chur ar fáil chun tomhaltas agus táirgeadh níos inbhuanaithe a chothú, agus geilleagar na hEorpa a dhéanamh níos iomaíche san am céanna. D’fhonn an ‘fáinne óir’ sin a bhaint amach, mhol an Plean Gníomhaíochta go mbainfí feidhm as ionstraimí beartais éagsúla. Mar shampla, bhí éilimh thomhaltóirí le treorú i dtreo tomhaltais níos inbhuanaithe trí chreat lipéadaithe simplithe.

Mar fhreagairt ar na dúshláin a bhaineann le soláthar inbhuanaithe d’amhábhair nach fuinneamh iad a dhaingniú do gheilleagar AE, sheol an Coimisiún ‘tionscnamh na n-amhábhair’ ([COM\(2008\) 0699](#)), a fhéachann le cothrom iomaíochta maidir le rochtain ar acmhainní i dtríú tíortha, dálaí creata níos fearr chun amhábhair a shaothrú laistigh den AE, agus laghdú ar thomhaltas d’amhábhair phríomha trí éifeachtúlacht acmhainne mhéadaithe agus athchúrsáil a chur chun cinn a áirithiú. Mhol teachtaireacht iarteachtach ón gCoimisiún ([COM\(2011\) 0021](#)) cur chun feidhme an tionscnaimh sin a threisiú.

Ina theachttaireacht ‘Ag ullmhú dár dtodhchaí: ag forbairt straitéis chomhchoiteann le haghaidh eochairtheicneolaíochtaí chumasúcháin in AE’ ([COM\(2009\) 0512](#)), luaigh an Coimisiún go gcothóidh AE forbairt eochairtheicneolaíochtaí chumasúcháin (ETCanna) laistigh dá chreat beartais reatha, agus mhol sé freisin Grúpa Ardleibhéil saineolaithe a bhunú (GAL) a bheadh freagrach as straitéis fhadtéarmach chomhchoiteann a fhorbairt. Ina thuarascáil deiridh, mhol an Grúpa Ardleibhéil 11 mholadh beartais le haghaidh forbairt agus imscaradh ETCanna san Eoraip.

## C. An straitéis ‘Eoraip 2020’ agus ‘Beartas tionsclaíoch do ré an domhandaithe’

I Márta 2010, cuireadh an straitéis ‘Eoraip 2020’ (‘Eoraip 2020 — Straitéis an Aontais Eorpaigh do phoist agus don fhás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach’ — [COM\(2010\) 2020](#)) in ionad Straitéis Liospóin. Chuir an straitéis nua seacht dtionscnamh shuaitheanta ar aghaidh. Tá ceithre cinn acu go háirithe ábhartha chun tionscal AE a dhéanamh níos iomaíche: ‘An tAontas Nuálaíochta’ ([COM\(2010\) 0546](#)), ‘An clár oibre digiteach don Eoraip’ ([COM\(2010\) 0245](#)), ‘Beartas tionsclaíoch do ré an domhandaithe’ ([COM\(2010\) 0614](#)) agus ‘Scileanna Nua do Phoist Nua’ ([COM\(2008\) 0868](#)). Díríonn an tionscnamh suaitheanta ‘Beartas tionsclaíoch do ré an domhandaithe’ ar 10 ngníomhaíocht chun iomaíochas tionscail na hEorpa a chur chun



cinn, agus ar an gcaoi sin, cuirfear béim níos mó ar fhachtóirí amhail fás na FBManna agus soláthar agus bainistiú amhábhair.

D'éiligh an teachtaireacht ón gCoimisiún 'Beartas Tionsclaíoch: Iomaíochas a neartú' ([COM\(2011\) 0642](#)), a glacadh an 14 Deireadh Fómhair 2011, athchóirithe struchtúracha doimhne chomh maith le beartais comhleanúnach agus comhordaithe ar fud na mBallstát chun iomaíochas eacnamaíoch agus tionsclaíoch AE a fheabhsú agus fás eacnamaíoch fadtéarmach inbhuanaithe a chothú. Leag an teachtaireacht béim ar roinnt réimsí tábhachtacha ina bhfuil iarracht níos mó ag teastáil: athrú struchtúrach sa gheilleagar; cumas nuála sa tionscal; inbhuanaitheacht agus éifeachtúlacht acmhainní; timpeallacht an ghnó; an margadh aonair; agus FBManna.

An 10 Deireadh Fómhair 2012, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht ([COM\(2012\) 0582](#)) dar teideal 'Tionsclaíocht láidir Eorpach don Fhás agus don Téarnamh Eacnamaíoch — Nuashonrú ar an teachtaireacht um Beartas tionsclaíoch', chun go dtacófar le hinfheistíocht i nuálaíocht, dírithe ar shé réimse tosaíochta a bhfuil acmhainn mhór acu (ardteicneolaíochtaí monaraíochta i gcomhair táirgeadh glan; eochairtheicneolaíochtaí chumasúcháin; táirgí bithbhunaithe; beartas tionsclaíoch agus tógála inbhuanaithe agus amhábhair inbhuanaithe; feithiclí glana agus soithí glana; agus eangacha cliste). Leag an teachtaireacht sin béim ar an ngá atá ann le dálaí margaidh níos fearr, rochtain ar mhaoiniú agus ar chaipitil, agus caipiteal daonna agus scileanna, mar bhealaí chun iomaíochas tionsclaíoch a chur chun cinn.

In Eanáir 2014, sheol an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'I gcomhair Athbheochan Tionsclaíoch' ([COM\(2014\) 0014](#)). Díríonn an teachtaireacht sin ar mheath tionsclaíoch a chúlú agus an sprioc 20% OTI do ghníomhaíochtaí monaraíochta a bhaint amach faoi 2020. Chun infheistíochtaí nua a mhealladh agus timpeallacht ghnó níos fearr a chruthú, deir an Coimisiún go bhfuil beartais níos comhleanúnaí i réimse an mhargaidh inmheánaigh de dhíth ar AE, lena n-áirítear bonneagar Eorpach amhail gréasáin fuinnimh, iompair agus faisnéise, chomh maith le gréasáin d'earraí agus seirbhísí. Luaitear freisin tábhacht an chomhair fheabhsaithe i réimsí an riaracháin phoiblí ar dhea-cháilíocht, réimse na trádála, réimse an taighde agus réimse na n-amhábhair.

Chomhlánaigh teachtaireacht in 2016 dar teideal 'Tionscnamh Dhigitiú Thionsclaíocht na hEorpa — leas iomlán a bhaint as margadh aonair digiteach' ([COM\(2016\) 0180](#)) an beartas sin. Díríonn an teachtaireacht sin ar chlaohlú digiteach agus tugann sí aghaidh ar dhúshlán ghaolmhara amhail maoiniú, caighdeánú TFC, mórshonraí agus scileanna. Thairis sin, tá sé mar aidhm ag an Tionscnamh um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus um Ghnólachtaí atá i mbun Fáis ([COM\(2016\) 0733](#)), a seoladh in 2016, gach deis is féidir a thabhairt d'fhiontraithe nuálacha iomadúla na hEorpa chun cuideachtaí a bheidh ina gceannairí domhanda a thógáil.

#### **D. Cláir thacaíochta AE**

Faoi láthair, rannchuidíonn líon mór beartas, clár agus tionscnamh, a chumhdaíonn raon leathan réimsí, le beartas tionsclaíoch AE. Samplaí de thionscnaimh le himchlúdach buiséid ná (de réir a dtábhachta): an beartas comhtháthaithe, Fís 2020, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus an Clár AE um Iomaíochas na bhFiontar agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (COSME), a bhfuil buiséad comhchoiteann acu atá giota beag níos lú ná EUR 200 billiún. In éineacht leis sin, tá sé mar aidhm ag an



bPlean Infheistíochta don Eoraip agus ag an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha EUR 500 billiún ar a laghad in infheistíocht phríobháideach agus in infheistíocht phoiblí a shlógadh faoi 2020. Dhá thosaíocht a fheictear arís is arís ar fud na gclár sin ná FBManna agus nuálaíocht.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Den chéad uair riamh, bhí saincheisteanna i dtaca le beartas tionsclaíoch mar chuid de na hathruithe a rinneadh in Maastricht ar Chonradh CE — ar éacht é arb iad tionscnaimh ag an bParlaimint ba shiocair leis. Chabhraigh siad atheagrú ar an earnáil cruach a spreagadh agus d'éiligh siad go mbeadh beartas tionsclaíoch níos dinimiciúla ann. Ó shin i leith, ghlac an Parlaimint le hiliomad rún a neartaigh tuilleadh beartas tionsclaíoch an Aontais Eorpaigh. Liostaítear roinnt de na cinn is déanaí thíos:

- léirigh a rún an 16 Meitheamh 2010 maidir leis an straitéis ‘Eoraip 2020’<sup>[1]</sup> tacaíocht láidir don bheartas tionscail, agus mhol sí go mbunófaí timpeallacht atá fabhrach do bhonn tionsclaíoch san Eoraip atá láidir, iomaíoch agus éagsúil a chothabháil agus a fhorbairt. Chuir sí i bhfios go láidir freisin gur cheart don straitéis ‘Eoraip 2020’ na costais agus na tairbhí a bhaineann le tiontú go geilleagar atá inbhuanaithe agus tíosach ar fhuinneamh a nochtadh;
- chuir a rún an 9 Márta 2011 maidir le ‘Beartas tionsclaíoch do ré an domhandaithe’<sup>[2]</sup> béim ar an tábhacht go mbeadh fíis níos cuimsithí de thionscal na hEorpa faoi 2020 ann, ós rud é go bhfuil sí den tuairim go bhfuil intuarthacht agus cobhsaíocht rialála fhad-téarmach riachtanach chun infheistíocht a mhealladh. Go háirithe, d’áitigh an Parlaimint ar an gCoimisiún béim níos mó a chur ar athnuachan tionsclaíoch, iomaíochas agus inbhuanaitheacht, agus chun straitéis tionsclaíochta AE uailmhianach, éicéifeachtúil agus ghlas a fhorbairt;
- chuir a rún an 26 Deireadh Fómhair 2011 maidir leis an gClár Oibre do Scileanna Nua agus Poist<sup>[3]</sup> béim ar an tábhacht a bhaineann le comhar níos dlúithe a fhorbairt idir institiúidí taighde agus tionscail agus chun cuideachtaí tionsclaíocha a spreagadh infheistiú i dtaighde agus forbairt, agus tacú leis na cuideachtaí sin. D’éiligh an Parlaimint freisin go ndéanfaí tuilleadh infheistíochta in oideachas, taighde agus nuálaíocht, cur chun cinn lárionaid bharr feabhais agus soghluaisteacht i measc daoine óga, agus d’éiligh sí go dtacófaí le forbairt na ndálaí a spreagann fás fiontar nuálach;
- leag a rún an 19 Eanáir 2012 maidir le straitéis spáis don Aontas Eorpach a rachaidh chun sochar dá shaoránaigh<sup>[4]</sup> béim ar thábhacht straitéis taighde agus nuálaíochta i réimse an bheartais spáis a dhéanfadh dul chun cinn teicneolaíoch, forbairt tionscail agus iomaíochas an Aontais a áirithiú agus chruthódh sí poist in AE;

[1] IO C 236 E, 12.8.2011, lch. 57.

[2] IO C 199 E, 7.7.2012, lch. 131.

[3] IO C 131 E, 8.5.2013, lch. 87.

[4] IO C 227 E, 6.8.2013, lch. 16.



- ina rún an 15 Eanáir 2014<sup>[5]</sup> maidir le tionscal a chur ar bun san Eoraip arís chun iomaíochas agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn, rinne sí riocht reatha na tionsclaíochta san Eoraip a mheasúnú agus mhol sí bearta éagsúla chun dul i ngleic leis na dúshláin atá ann i láthair na huaire. Thug an rún sin tacaíocht do 'Athbheochan na Tionscalaíochta i gcomhair Eoraip Inbhuanaithe' (RISE) chun nuálaíocht a shaothrú d'fhonn tús a chur le réabhlóid thionsclaíoch nua;
- ina rún an 4 Feabhra 2014<sup>[6]</sup> maidir leis an bPlean Gníomhaíochta le haghaidh tionscal cruach san Eoraip a bheadh iomaíoch agus inbhuanaithe, leagadh béim ar thábhacht thionscal na cruach i slabhraí breisluacha tionsclaíocha amhail an tionscal tógála agus tionscal na ngluaisteán agus in innealtóireacht mheicniúil agus leictreach. D'iarr sé freisin go gcaomhnófaí táirgeadh cruach iomaíoch san Eoraip chun fás eacnamaíoch agus poist san Eoraip a áirithiú;
- ina rún an 9 Meitheamh 2016<sup>[7]</sup>, díriodh ar iomaíochas agus ceannaireacht dhomhanda thionscal soláthair iarnróid na hEorpa a chothabháil.

Frédéric Gouardères  
05/2019

---

[5] IO C 482, 23.12.2016, lch 89.

[6] IO C 93, 24.3.2017, lch 59.

[7] Téacsanna atá glactha, [P8\\_TA\(2016\)0280](#).

